



☘ An Lúibín ☘

24 Samhain 2023

An Ghaeilge sna scoileanna

There is a consensus (sometimes resisted) that Irish is inadequately taught in Irish schools. Everything depends on Irish-medium schools, but the Education Department does little to help them.

Níl an Ghaeilge gann i gconspóidí, agus tá trácht arís ar bheagnach 50,000 dalta iarbhunscoile in Éirinn a fuair díolúine anuraidh ó staidéar na Gaeilge (dalta as gach ochtar). Agus fuair beagnach 20,000 dalta eile díolúine in 2022-23. Dúirt an Roinn Oideachais gur tháinig ardú ar líon na ndaltaí sin de bharr ar tháinig thar tír isteach, ach, de réir taighde a rinne *Tuairisc*, tá méadú i gcónaí ar líon na ndaltaí a fhaigheann díolúine de thoradh Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO).¹

Déarfaimis féin nach i scéal na ndíolúintí ach scéal thairis: ba cheart aird a thabhairt ar an mbealach leamh liosta a múintear an Ghaeilge agus ar an neamhshuim atá ag na daltaí sa teanga dá bharr. Tá Éireannaigh ann atá ar aon intinn linn, de réir a raibh le rá ag roinnt léitheoirí de chuid *Tuairisc*.

Is cuma má tá díolúine ag duine amháin agus muna bhfuil a duine eile mar ag deireadh an lae, táid beirt chun an scoil a fhágaint chomh neamhchumasach sa teanga is a chéile. Os cionn 100 bliain den chóras oideachais, cá bhfuil an Athbheochan? Cá bhfuil lucht labhartha na Gaelainne? Ní fiú a bheith inmíoch fé chóras na ndíolúintí má tá an córas óna bhfuil na díolúintí á lorg ina cheap magaidh don teanga. Níl locht agam ar éinne a dhéanfadh iarrach díolúine a fháil dá pháiste ón tseafóid sin ar a nglaothar “curaclam”. Níl Gaelainn á múineadh sna scoileannaibh – tá sí á tachtadh.

Agus tuairim eile:

Tugaim faoi deara gur beag Gaeilge atá acu siúd a chríochnaíos an curaclam Gaeilge. Is beag difríocht a dhéanfaidh an córas díolúintí ar chuma ar bith.

Tamall ó shin scríobh an tuairisceoir Eoin Ó Murchú ar *Tuairisc* i dtaobh thionchar na gaelscoile ina cheantar féin i mdeisceart Bhaile Átha Cliath: ‘Téann an chuid is mó de na páistí ar an tsráid ina bhfuil cónaí orm féin go dtí Gaelscoil na Camóige, agus is deas an rud a bheith ag éisteacht leo ag labhairt le chéile as Gaeilge agus iad ag súgradh, fiú, nó go speisialta, nuair a bhíonn páistí gan Ghaeilge in aice leo’.²

Níl aon amhras ná go bhfuil cothú agus dul chun cinn na Gaeilge in Éirinn ag brath thar aon rud eile ar na scoileanna cathrach a mhúineann trí Ghaeilge. Iadsan atá ag ceapadh líonra cainteoirí ar na sráideanna, daoine a dtógfaidh cuid acu a gclann féin le Gaeilge. Glactar leis, ar ndóigh, go bhfuil géarghá le breis bunscoileanna lán-Ghaeilge, agus is measa fós an scéal i dtaca le coláistí lán-Ghaeilge. Is mó an tóir ná an soláthar. Ó Murchú: ‘I gCluain Dolcáin tá dhá ghaelscoil ann, agus trí náiscoil, is ní féidir le gach dalta atá ag iarraidh dul isteach sa ngaelscoil áit a fháil’. Mar sin féin, éiríonn leis na scoileanna seo éacht a dhéanamh a theip ar na scoileanna lán-Bhéarla a dhéanamh. De ghnáth ní dóigh le daltaí sna scoileanna Béarla úd gur teanga bheo nó leathbheo féin í an Ghaeilge; ní bhaineann sí le gné ar bith dá saol. Caithfidh tú pas a fháil inti más áil leat áit a fháil sa chuid is mó de na hollscoileanna. Murach sin, ní bhacfaí léi.

¹ <https://tuairisc.ie/fisean-smacht-caillte-ar-choras-na-ndioluinti-agus-baol-ann-go-gcuirfear-an-ghaeilge-go-toin-poill/>

² Eoin Ó Murchú, ‘Ní bhíonn gluaiseacht na Gaeilge ag déanamh dóthain agóide faoin éagóir’: <https://tuairisc.ie/ni-bhionn-gluaiseacht-na-ghaeilge-ag-deanamh-dothain-agoide-faoin-eagoir/>

Is dócha gur beag Gaeilgeoir nach mbeadh ar aon intinn linn ina thaobh sin, ach, mar a deir Ó Murchú, is deacair do lucht gaelscolaíochta teacht ar áiteanna buana dá gcuid féin. Is coitianta iad na foirgnimh réamhdhéanta, agus sin mar atá cás Ghaelscoil na Camóige féin. Mar a deir mo dhuine, is deacair a leithéid a choinneáil te sa gheimhreadh nó fionnuar sa samhradh:

Ní de thimpiste a tharlaíonn a leithéid, ach toisc nach bhfuil aon spéis ag an Roinn Oideachais (ná ag airí oideachais ach an oiread) an t-oideachas Gaeilge a chur chun cinn. Ní gan údar a thugtar an Roinn éadóchais uirthi.

Ní call go mbeadh Gaeilge ag gach Éireannach chun an teanga a choinneáil beo; ach ní foláir go mbeadh mionlach láidir teanga ann, agus tá sin ag brath ar an ngaelscolaíocht seachas ar an scolaíocht Bhéarla. Agus murach an mionlach sin, bheadh sé deacair rath a choinneáil ar an nGaeilge thar lear, de cheal áiseanna, litríochta, múinteoirí agus eiseamlár. Ba chóir a rá nach dtuigeann an Roinn Oideachais é sin.



Trí Chorn Chormaic Uí Chuinn

A story adapted from a 15th century text about three drinking horns that Cormac Ó Cuinn brought to Ireland long ago. They were hidden, and found again by chance.

Seo leagan nua-chóirithe de scéal ar breacadh síos an leagan ba dhéanaí de sa 15ú haois: ‘Trí Chorn Chormaic Uí Chuinn’ (féach <https://celt.ucc.ie/published/G100044A/index.html>). Coirn an-luachmhara iad agus tugtar le fios go bhfuil draíocht nó naofacht ag roinnt leo. Tugtar anall thar sáile iad; ceiltar iad le toil Dé; bronntar ar ríthe ina dhiaidh sin iad.

Uair amháin chuaigh Aodh Oirdní mac Néill Fhrosaidh mhic Fhearghuile mhic Mhaile Dúin ag cur eagar ar fhir Chúige Chonnacht. Chuaigh sé thar Eas Rua agus bádh a ghiollaí mias agus a chuid corn ann. Tháinig Aodh go Corca Trí gur dheasaigh sé é féin i dteach rí Chorca Trí. Caoga rí de ríthe Éireann maille le hAodh.

D’ith Aodh béile oíche Dhomhnaigh, in éineacht leis an ríora: agus cé gur ith Aodh béile, níor ól sé deoch, óir ní raibh corn aige, mar bádh a chuid corn agus cuach ag Áth Eanaigh os cionn Eas Rua, ag gabháil don slua thairis. Is amhlaidh nach raibh Aodh ag ól dí as lestar eile ó dhealaigh sé le cíoch a mháthar ach as corn. Ba chúis bhróin do rí Chorca Trí agus dá bhean chéile cách a bheith ag ól agus rí na hÉireann gan ól. Thóg Angal a lámha le Dia agus chinn ar gan codladh gan tomhailt go maidin, go ndúirt a bhean leis arna mhárach: ‘Éirigh,’ ar sise, ‘go Durlas Ghuaire mhic Cholmáin, óir ba theallach féile agus oinigh ó aimsir Dháithí anall é, nó go bhfaighfeá corn trí fhearta na féile ann’.

Chuaigh Angal rí Chorca Trí thar dhorus na rátha amach, agus thuisligh a chos dheas sa lios, gur thit an chloch a bhí ar bhéala an tsoirn [.i. ar bhéala na háithe] a raibh na trí coirn ab fhearr a bhí in Éirinn ann .i. an Camchorn agus an Liotan agus an Eascann. Coirn iad sin a thug Cormac Ó Cuinn anall leis thar muir, agus d’fholaigh Nia mac Lughna Feirtre, an dara comhalta de Chormac Ó Cuinn, iad tar éis bhás Chormaic, gur tháinig Cairbre Lifeachair thar muir, agus cé go bhfuair sé na coirn eile, ní bhfuarthas na coirn seo go haimsir na naomh agus Aodha Oirdní mhic Néill, mar thug Dia cealtair tharstu nó gur foilsíodh do rí Chorca Trí iad trí fhearta na féile.

D’altaigh Angal a bhuí do Dhia agus rug sé na coirn leis agus an triúr díobh lán de mheá. Thug sé i lámh Aodha Oirdní rí na hÉirinn iad, agus d’altaigh sé sin do Dhia, agus thug sé an Liotan i lámh Rí Uladh, agus thug sé an Eascann i lámh rí Chonnacht, agus d’fhág sé aige féin an Camchorn. Nuair a tháinig Maoilseachlainn mac Dhomhnaill i réim, thug sé an corn sin do Dhia agus do Naomh Ciarán i gcoitinne go bráth.



Ag brath an tsaoil trí theanga

To what degree does language influence perception and thought? A recent study of an Aboriginal language offers intriguing evidence.

Tá ábhar machnaimh in alt a d’fhoilsigh an taighdeoir Christine Kenneally an mhí seo ar *Scientific American*: ‘Grammar Changes How We See, an Australian Language Shows: An Aboriginal language provides unexpected insight into how language influences perception’.³

Dhéanadh teangeolaithe talamh slán de go mbraitheann gach duine an saol ar an mbundóigh chéanna, fiú má difríochtaí idir bhunstruchtúr teangacha agus bealaí éagsúla ann chun inscne, uimhreacha, treo agus am a chur in iúl.

Chuidigh an taighde a rinneadh ar theangacha Bundúchasacha san Astráil leis an dearcadh sin a athrú, mar a tharla le déanaí i staidéar ar Murrinhpatha, teanga a labhraítear ar chósta thiar thuaidh na tíre in Wadeye. Tá roinnt araíonna an-suimiúla ag baint léi. Is féidir gníomhú, rannpháirtithe, úinéireacht agus cuspóirí a chur in iúl le haon fhocal amháin. Tugtar ilsintéiseachas air seo. Is féidir táthmhíreanna a cheangal le briathar agus saibhrítear an scéal le táthmhíreanna breise. Tá ord saor ag na focail in Murrinhpatha, sa mhéid go dtig le suibhachtaí, briathra agus oibiachtaí a bheith in áit ar bith in abairt.

Tá staidéar á dhéanamh ag Rachel Nordlinger, teangeolaí in Ollsoil Melbourne, ar Murrinhpatha le hocht mbliana déag, agus rinne síse agus a comhghuaillithe an chéad triail shíceatheangeolaíochta sa teanga. Rinne siad amach go bhféadann struchtúr na teanga dul i bhfeidhm ar mhodhanna smaointeoireachta. Tagann seo le tuairimí a lán teangeolaithe machaire. Agus ní maith lena lán taighdeoirí gur i mBéarla agus i gcúpla teanga fhorleathan eile amháin a rinneadh taighde ar airíonna comhchoitianta teanga go dtí seo.

Is beag taighde a rinne síceatheangeolaithe ar theangacha Astrálacha. Dhá chéad bliain ó shin bhí trí chéad teanga dá leithéid ar a laghad á labhairt. Bhain a bhformhór leis an bhfine Pama-Nyungan, fine a d’eascair ó theanga a bhí á labhairt 6,000 bliain ó shin, b’fhéidir, in oirthuaisceart na tíre. Níl ach trí cinn déag de na teangacha sin á bhfoghlaim anois ag páistí sa bhaile, agus orthu sin tá Murrinhpatha.

Bunaíodh Wadeye mar mhisean in 1935, agus d’fhulaing mórán daoine comhshamhlú éigeantach dá réir. Bhailigh an misean daoine ó dheich ngrúpa teanga le chéile, ach níor mhair na teangacha eile mar a mhair Murrinhpatha. Tháinig Murrinhpatha slán toisc go labhraítí go rúnda í d’ainneoin an leatrom cultúrtha a rinne an misean. Anois tá sí ag na páistí féin agus í ina theanga chomhchoiteann nó *lingua franca* ag a lán grúpaí Bundúchasacha eile. Tá Béarla go maith chun a bheith ag caint le strainséirí agus cuidíonn sé le páistí jabanna maithe a fháil. Ach tá dúchas agus dearcadh an phobail fite fuaite in Murrinhpatha, agus tá borradh faoin líon daoine atá á fhoghlaim mar theanga dhúchais.

³ https://www.scientificamerican.com/article/grammar-changes-how-we-see-an-australian-language-shows/?utm_source=Live+Audience&utm_campaign=2437e496f0-briefing-dy-20231020&utm_medium=email&utm_term=0_b27a691814-2437e496f0-51203724

Tá ord na bhfocal an-saor in Murrinhpatha agus a lán dóigheanna ag na cainteoirí chun ainmní, briathar agus cuspóir na habairte a shocrú dá réir. Tá barúil ag na taighdeoirí, mar sin, go gcaithfidh na cainteoirí lántuiscint a fháil ar an imeacht go léir ar an bpointe boise chun iad féin a chur in iúl ar an dóigh is cuí. Tá baint ag cúrsaí cultúir leis seo: caithfidh tú an briathar a infhilleadh de réir an ghaoil atá agat le daoine. Féadann na rudaí a bhí á bplé ag daoine fadó dul i bhfeidhm ar struchtúr na teanga inniu; agus féadann sin a rian a fhágáil ar an mbealach a mheasann duine an saol agus a cheapann na focail a chuireann síos air.

Tá an teanga, an cultúr agus an t-eolas snaidhmthe le chéile. Tugann na seanóirí na páistí óga amach ar an tuath fiú sula dtéann siad ar scoil, agus cuirtear ina suí timpeall tine iad chun iad a mhúineadh in Murrinhpatha faoin dúlra agus faoin Tuismeadh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Beirt

beirt ag comhrá
san eaglais
is Muire trí thine

beirt ag comhrá
sa tsráid
is an phlá ina suí ina súile

beirt ag comhrá
i ndíog rédhorcha
is an oíche á n-ídiú

beirt ag comhrá
cois farraige
is an domhan ina thonn ina dtimpeall

Cogaíocht

bhí aghaidh na fuinneoige
ar chearnóg
is d'fhéach sí amach
ar ainnis an tsaoil

bearnaí i mballaí
cloigne gan cholaimn

is an leabhar faoina lámh
lán de chluain na bhfocal

